# COMHAR

## TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ

## Iúil 2024 - Meitheamh 2025

**Meitheamh 2025**

## Clár


**1. REAMHRÁ...3**

a. Cruinnithe Boird...3

b. Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh)...3

**2. TIONSCADAIL...3**

a. *Comhar*...3

b. *Leabhair*COMHAR...4

c. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)...5

d. COMHAR*Taighde*...5

i. Duais an Chomhchaidrimh...5

e. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge...5

**3. MAOINIÚ...6**

a. Foras na Gaeilge...6

i. *Comhar*...6

ii. *Leabhair*COMHAR...6

b. An Chomhairle Ealaíon...6

i. *Comhar*...6

ii. *Leabhair*COMHAR...6

c. Coiste Léann na Gaeilge...6

d. COGG...6

e. Eile...6

**4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ...7**

a. Foireann na hoifige...7

b. Conraitheoirí seachtracha...7

c. Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí na meán Gaeilge...7

d. Bunachar LibGen in úsáid ag Meta dá chuid uirlisí AI...8

**5. MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT...8**

a. Ócáidí...8

b. Na meáin shóisialta...9

c. Eile...9

**6. EILE...10**

a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse...10

b. Buíochas...10

1. **REAMHRÁ**

Is mian le Bord Stiúrtha COMHAR an tuairisc seo ar obair na cuideachta a chur os comhair na gcomhaltaí.

a. **Cruinnithe Boird**

Tionóladh ocht gcruinniú den Bhord Stiúrtha ón gCruinniú Cinn Bhliana anuraidh:

- 05 Meán Fómhair 2024
- 17 Deireadh Fómhair 2024
- 02 Nollaig 2024
- 16 Eanáir 2025
- 27 Feabhra 2025
- 28 Márta 2025
- 15 Bealtaine 2025
- 19 Meitheamh 2025

Tá trí chruinniú eile le bheith ag an mBord i mbliana: 18.09.25, 16.10.25, 03.12.25.

Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana ar an 19 Meitheamh 2025.

b. **Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh)**

Ceapadh na daoine seo a leanas mar Stiúrthóirí nua ar an mBord:

- Róisín Costello - 05 Meán Fómhair 2024
- Ellen Curtin - 05 Meán Fómhair 2024
- John Prendergast - 05 Meán Fómhair 2024
- Fionnuala Ní Dhúgáin - 15 Bealtaine 2025

D’éirigh na Stiúrthóirí seo a leanas as an mBord:

- Uaitéar Ó Ciaruáin - 21 Deireadh Fómhair 2024
- Róisín Costello - 10 Feabhra 2025

2. **TIONSCADAIL**

a. ***Comhar***

Foilsíodh dhá eagrán déag den iris le linn thréimhse na tuairisce seo, cúig mhóreagrán ina measc:

- Móreagráin Spóirt (eagrán mhí Lúnasa 2024)
- Cogadh & Síocháin (eagrán mhí Dheireadh Fómhair 2024)
- Banscríbhneoirí bisiúla ár linne (eagrán mhí na Samhna 2024)
- Ó Theanga go Teanga - Móreagrán Aistriúcháin (eagrán mhí an Mhárta 2025)
- Litríocht na nÓg (eagrán mhí an Mheithimh 2025)

Mar is gnách, foilsíodh an liosta móréilimh *Leabhair na Bliana* i móreagrán na Nollag ag deireadh 2024. San eagrán sin tugadh spléachadh ar na leabhair is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na léirmheastóirí le linn na bliana.

Lean Seán Tadhg Ó Gairbhí agus Tristan Rosenstock lena gcúraimí mar Eagarthóir agus Eagarthóir Liteartha, faoi seach, le linn na tréimhse. Meastar gur leanadar den ardchaighdeán a bhí bainte amach le blianta beaga roimhe sin maidir le scríbhneoireacht, le héagsúlacht an ábhair agus le

críochnúlacht na hirise. Chuir dearadh Mark Wickham go mór leis an bhfoilseachán arís agus chuir sé an leagan leictreonach ar fáil ar an suíomh gach mí freisin.

### b. *Leabhair*COMHAR

Foilsíodh na teidil seo a leanas le linn thréimhse na tuairisce seo, le tacaíocht ó na maoinitheoirí ainmnithe:

- Clár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge
    - Athchló ar *Tairngreacht* le Proinsias Mac a'Bhaird
    - Athchló ar *An Dara Rogha* le Celia de Fréine
    - Athchló ar *Geansaithe Móra* le Gearóidín Nic Cárthaigh
- Comhmhaoiniú ó Chlár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge agus An Chomhairle Ealaíon
    - *Oíche Shamhna* le Marie Whelton, maisithe ag Frank Endersby
        - pictiúrleabhar do pháistí bunscoile.
    - *Scéalta Nollag* le hAlan Titley
        - cnuasach scéalta faoi shéasúr na Nollag
    - *Dialann Emily Porter: Caillte & Aimsithe* le Richie Conroy, maisithe ag Don Conroy
        - an tríú leabhar sa tsraith seo do dhéagóirí níos sine/daoine fásta
    - *Inis Mara 2* le Tristan Rosenstock, maisithe ag Mark Wickham
        - an dara leabhar sa tsraith seo do léitheoirí i Rang 5/6

Ní dheachaigh an leabhar *An Ghaeilge i gContae Chill Mhantáin* le Séadna Mac Seoin ar aghaidh.

Leabhair idir lámha le maoiniú ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) agus An Chomhairle Ealaíon:

Dáta foilsithe 2025:

- *Coiscéim, Coiscéimín* le Claire Dunne, maisithe ag Anita Foley: pictiúrleabhar do pháistí bunscoile.
- *Súil ar an Scannánaíocht* in eagar ag Marcas Mac Coinnigh agus Róisín Ní Ghairbhí: cnuasach aistí faoi scannánaíocht na Gaeilge
- *Katie ar an gCás* le Éadaoin Ní Dhomhnaill: úrscéal bleachtaireachta do pháistí níos sine/luathdhéagóirí
- *Faoi Scáil Gheal na hIndia* le Gabriel Rosenstock, maisithe ag Debiprasad Mukherjee: cnuasach filíochta sa tsraith Téad na Filíochta; dánta a foilsíodh cheana mar aon le dánta nuachumtha bunaithe ar ghaol an fhile le tír na hIndia

Dáta foilsithe 2025/2026:

- *Bilal agus Cócó* le Áine Uí Fhoghlú: úrscéal do pháistí níos sine/luathdhéagóirí

### c. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)

Mar chuid den Phlean Straitéiseach deireanach a bhí ag an eagraíocht, chinn Bord COMHAR go nglacfaí sos trí bliana (2024-26) ó leabhair nua a fhoilsiú sa tionscadal seo. Oibríonn an bord leis an nGrúpa Maoirseachta chun todhchaí na hoibre seo a mheas.

### d. COMHAR*Taighde*

Foilsíodh eagrán 10 de COMHAR*Taighde* i Samhain 2024. Eagarthóirí:

- an tOllamh Comhlach Caoimhín Mac Giolla Léith
- an tOllamh Comhlach Ríona Nic Congáil
- an Dr Peadar Ó Muircheartaigh

Tá seacht gcinn de léirmheasanna acadúla agus cúig alt scolártha mar seo a leanas:

- '*An doras cúng' le Máire Dinny Wren: Léiriú cumhachtach ar an drochíde sa teaghlach* le Peter Weakliam
- *Díospóireachtaí faoin nGaeilge in RTÉ sna 1960idí: Léargas ó chartlanna Chonradh na Gaeilge agus an Language Freedom Movement (LFM)* le Hugh Rowland
- *Intleacht Shaorga agus Teagasc/Foghlaim na Gaeilge* le Neasa Ní Chiaráin
- *An ráiteas deireanach? An Lia Nocht le Mícheál Ó hAirtnéide* le Laoighseach Ní Choistealbha
- *Dea-chuimhní ar Fhoghlaim na Gaeilge: Léargais ó Dhaoine a Bhain Ardchumas Amach sa Teanga* le Claire M. Dunne & Sylvaine Ní Aogáin

Sheol an Dr Deirdre Nic Mhathúna an t-eagrán ag ócáid ar an 27 Samhain 2024 mar chuid de mhórsheoladh Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU.

Tá obair idir lámha ar COMHAR*Taighde* 11 faoi láthair.

#### i. Duais an Chomhchaidrimh

Bronnadh an duais nua seo, €750 agus buanghradam urraithe ag Gael Linn, ar an Dr Peter Weakliam as an alt is fearr in CT 10 scríofa ag taighdeoir luathghairme.

Ainmnítear an duais seo i gcuimhne ar an gcumann idir-ollscoile as ar shíolraigh COMHAR agus Gael Linn.

### e. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

Cuireadh na portráidí seo a leanas leis an mbunachar san Fhómhar 2024:

- **Ciara Ní É** - file agus blagadóir
- **Garry Bannister** - file agus foclóirí
- **Jacqueline de Brún** - scríbhneoir don aos óg, agus Ollamh Cúnta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- **Majella Ní Dhomhnaill** - úrscéalaí agus gearrscéalaí
- **Michelle O Riordan** - staraí, scríbhneoir spioradálta, agus Ollamh Cúnta in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
- **Ógie Ó Céilleacháir** - gearrscéalaí agus scríbhneoir don aos óg
- **Seán Tadhg Ó Gairbhí** - iriseoir
- **Seán Ua Súilleabháin** - Iar-léachtóir le Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus scríbhneoir acadúil

Tá COMHAR buíoch de Foras na Gaeilge, as an maoiniú a gcuireann siad ar fáil leis an tionscadal seo a reáchtáil, agus de na scríbhneoirí agus na grianghrafadóirí a thoilíonn a bheith páirteach sa togra spreagúil seo. Mar chuid de Phlean Straitéiseach deireanach na heagraíochta, chinn Bord COMHAR go nglacfaí sos trí bliana (2025-27) ó ábhar nua a chur leis an tionscadal seo.

## 3. MAOINIÚ

### a. Foras na Gaeilge

i. *Comhar*

- Bunmhaoiniú de €80,000 sa bhliain atá ceadaithe ag Foras na Gaeilge don tréimhse 2021-25.
- Cuireadh laghdú 2% ar sciar 2025 mar gheall ar easnamh i mbuiséad FnaG.

ii. *Leabhair*COMHAR

- Cheadaigh Clár na Leabhar Gaeilge €48,840 do *Leabhair*COMHAR le linn 2024 faoi Scéim na Foilsitheoireachta (maoiniú aon uaire san áireamh).
- Ceadaíodh an méid céanna do 2025 (maoiniú aon uaire san áireamh).

### b. An Chomhairle Ealaíon

i. *Comhar*

- Ceadaíodh €41,064 don bhliain 2024, agus an méid céanna do 2025, le 3 mhóreagrán a fhoilsiú mar aon le táillí eagarthóireachta liteartha, deartha agus scríbhneoireachta sna 9 eagrán eile a chlúdach.

ii. *Leabhair*COMHAR

- Ceadaíodh €24,585 don bhliain 2024 agus an méid céanna do 2025.

### c. Coiste Léann na Gaeilge

- Bhronn Fochoiste na bhFoilseachán €4,450 ar an eagraíocht i gcomhair COMHAR*Taighde* 10 a fhoilsiú.
- Bhronn Fochoiste na bhFoilseachán €3,075 ar an eagraíocht le nuashonrú a dhéanamh ar shuíomh comhartaighde.ie.

### d. COGG

- Bhronn COGG maoiniú €5,000 sa bhliain ar COMHAR chun cóipeanna PDF den iris a scaipeadh ar gach meánscoil sa tír in 2024-2025. Cuireann COMHAR spás fógraíochta in iris *Comhar* ar fáil do COGG mar chuid den socrú seo.

### e. Eile

- An Ciste Dúshláin Meán Éire Dhomhanda, An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála: Cuireadh iarratas ar mhóreagrán 'Báidín Beag ar Fharraigí Fiáine - Cúrsa na hÉireann san Ord nua Domhanda' isteach ar an gciste seo le linn R1 2025. Tá toradh le fógairt go fóill.

Tá COMHAR an-bhuíoch de na maoinitheoirí go léir as an tacaíocht leanúnach.

Mar a luadh sa tuairisc seo anuraidh, tá COMHAR ag obair chun an bhearna idir an bunmhaoiniú bliantúil de €120k, a bhí ar fáil ó FnaG go dtí 2020, agus an €80k atá ar fáil ó shin i leith, a líonadh, go háirithe sa chomhthéacs go bhfuil praghsanna agus costais ag ardú go suntasach i ngach earnáil le cúpla bliain anuas. An chéad chéim eile a bhí bearthaithe do thréimhse na

tuairisce seo ná athstruchtúrú a dhéanamh ar an gcóras reatha praghsála ar shíntiúis *Comhar* ó fhómhar 2024 ar aghaidh. Cuireadh an gcóras nua praghsála beo i mí Mheán Fómhair 2024, a áiríonn:

- Ardú ar phraghas na hirise ó €4.00 go €4.50 sa mhí
- Costas postais a ghearradh ar shíntiúsóirí bunaithe ar an tír ina bhfuil siad
- Ardú ar phraghas an tsíntiús d'institiúidí (e.g. leabharlanna)

## 4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ

Faoin mBainisteoir Cuideachta atá cúram bhainistiú laethúil an ghnó (cúraimí airgeadais, riaracháin, foirne, cumarsáide etc.). Oibríonn an Bainisteoir i bpáirt leis an leis an bhFeidhmeannach Foilsitheoireachta (FF), le conraitheoirí seachtracha agus feidhmíonn sí mar lárphointe teagmhála don Bhord Stiúrtha.

Faoin mBord Stiúrtha atá sé a bheith eolach ar a ndualgais don Rialálaí Carthanas agus na dualgais sin a chomhlíonadh. Tá An Cód Rialachais do Charthanais luaite mar mhír ar leith ar chlár na gcruinnithe boird ó mhí DF 2024 i leith áit a dtugtar uasdátú don Bhord ar nithe atá le comhlíonadh agus staid reatha an chomhlíonta sin.

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar ghníomhaíochtaí foirne trí chruinniú idir Chathaoirleach an Bhoird agus an Bhainisteoir Cuideachta.

### a. Foireann na hoifige

- Lean Clare Coughlan ina ról mar Bhainisteoir Cuideachta le linn na tréimhse (athraíodh teidil an róil seo ó Fheidhmeannach Bainistíochta & Gnó i mí Feabhra 2025).
- Chríochnaigh Jennifer Gorissen ina ról mar FF ar an 31 Nollaig 2024 (páirtaimseartha idir mhí Mhéan Fómhair agus mí na Nollag 2024).
- Thosaigh Deirdre Ní Fhloinn sa ról mar FF i mí Mheán Fómhair 2024 (go páirtaimseartha) agus lean sí go lánáimseartha ón 1 Eanáir 2025.
- D'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí oiliúna seachtracha ar ábhair éagsúla le linn na tréimhse.

### b. Conraitheoirí seachtracha

- Seán Tadhg Ó Gairbhí - Eagarthóir *Comhar*
- Tristan Rosenstock - Eagarthóir Liteartha *Comhar*
- Mark Wickham - Dearthóir *Comhar*
- Deirdre Ní Fhloinn - Feidhmeannach Fógraíochta (go dtí mí Lúnasa 2024).

### c. Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí na meán Gaeilge

Tá 'Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí na meán Gaeilge' á reáchtáil ag UCD ar son Choimisiún na Meán. Ghlac COMHAR páirte ann trí chruinniú le hionadaithe UCD i mí Eanáir 2025 agus freastal ar Fhóram Plé i mí an Mhárta 2025. Iarradh ar Chaothaoirleach an Bhoird agus ar Eagarthóir na hirise bheith ar phainéal na gcainteoirí ag ceann de chroí-sheisiúin an Fhóraim. Foilseofar an tuairisc dheiridh ag deireadh 2025.

### d. Bunachar LibGen in úsáid ag Meta dá chuid uirlisí AI

- Tháinig sé chun solais ag deireadh R1 2025 go bhfuil bunachar LibGen in úsáid ag Meta chun oiliúint a chur ar a chuid uirlisí AI. Tá LibGen ag sárú rialacha cóipchirte leis na

blianta de réir dealraimh agus iarrachtaí éagsúla (nár éirigh leo) déanta ag cúirteanna stop a chur leis.

- Tá ábhar ón iris *Comhar* (1942-2010) i mbunachar LibGen ach níor aimsíodh ábhar *Leabhair*COMHAR ná CLÓ ann go dtí seo. Is ó JSTOR a fuair LibGen ábhar *Comhar*. Déanann JSTOR monatóireacht ar fhoinsí ina bhfuil leathanaigh clúdaigh JSTOR in úsáid gan cead chun gur féidir leo iarrachtaí a dhéanamh an t-ábhar sin a bhaint anuas.
- Tá COMHAR i mbun taighde ar an De réir mar a thagann soiléireacht ar na himpleachtaí dlithiúla

## 5. MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT

### a. Ócáidí

Sa bhreis ar na hócáidí luaite faoi mhíreanna eile sa tuairisc seo, bhí ionadaí COMHAR i láthair ag na himeachtaí seo a leanas:

- West Cork Literary Festival, Beanntraí, 14 Iúil 2024
    - Rinne Tristan Rosenstock agus Mark Wickham ceardlann bunaithe ar an leabhar *Inis Mara*
- Comhdháil Leabhair Pháistí Éireann, BÁC, 22 MF 2024
    - Labhair Tristan Rosenstock (údar *Inis Mara*) ar an 21ú
- An Chomhdháil ar Lítríocht agus ar Chultúr na Gaeilge, Gaillimh, 27-28 MF 2024
- Oireachtas na Samhna, Cill Airne, 31 DF - 2 Samhain 2024
    - Seoladh *Leabhair*COMHAR ar an 31ú: Sheol Ciara Cox, TG4 agus Pádraig Mac Fhearghusa, Uachtarán an Oireachtais, dhá leabhar nua (*Oíche Shamhna, Scéalta Nollag*) mar aon le móreagrán mhí na Samhna *Comhar*.
- Publishing Ireland Annual Conference - Trade Day, BÁC, 8 Samhain 2024
- An Post Irish Book Awards, BÁC, 27 Samhain 2024
- Aonach na Nollag, Áras Chrónáin, BÁC, 1 Nollaig 2024
- Mórsheoladh na Nollag COMHAR, City Assembly House, BÁC, 4 Nollaig 2024
    - Sheol Evelyn O'Rourke, Comhfhreagraí Ealaíona agus Meáin, RTÉ, dhá leabhar nua (*Inis Mara 2*, *Dialann Emily Porter 3: Caillte agus Aimsithe*) mar aon le heagrán mhí na Nollag *Comhar*
- Irish Book Trade Conference/Booksellers Ireland, Gaillimh, 10-11 Feabhra 2025
- Aonach na Gaeilge, UCD, 17 Feabhra 2025
- Fóram Plé ar an Athbhreithniú Cuimsitheach ar na Meáin Ghaeilge, UCD, 28 Márta 2025
- IMRAM na nÓg, BÁC, 6-9 Bealtaine 2025
    - Thug Richie Conroy faoi cheardlanna do pháistí bunaithe ar an tsraith *Dialann Emily Porter* i leabharlanna éagsúla le linn na seachtaine.
    - Thug Tristan Rosenstock faoi cheardlanna do pháistí bunaithe ar an tsraith *Inis Mara* i leabharlanna éagsúla le linn na seachtaine.
- Móreagrán ar Litríocht na nÓg seolta i Leabharlann Ráth Maonais, 28 Bealtaine 2025
    - Eagraíodh painéal plé le Tristan Rosenstock (Eagarthóir Liteartha), Lydia Uí Ruairc (Aoi-Eagarthóir) agus Deirdre Ní Fhloinn (COMHAR) mar éascaitheoir.

### b. Na meáin shóisialta

Baintear leas as cuntais COMHAR ar na meáin shóisialta (i.e. Instagram, Twitter agus Facebook) chun cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bpobal. Meán luachmhar é chun poiblíocht a dhéanamh ar obair agus aschur na heagraíochta i measc custaiméirí agus eagraíochtaí eile.

Léiríonn an tábla thíos an fás a tháinig ar líon na leantóirí le dhá bhliain anuas (figiúirí ar an 31 Nollaig den bhliain).

| Meán | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| **Instagram** | 1,243 | 1,442 |
| **Twitter** | 4,261 | 4,635 |
| **Facebook*** | 4,945 | 5,447 |

*cuntais na hirise agus na leabhar móide leathanach na heagraíochta

**c. Eile**

- Bhain *Geansaithe Móra* 'Gradam Love Leabhar Gaeilge Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana' ag na An Post Irish Book Awards 2024.
- Leabhair de chuid LC san áireamh i leabhráin éagsúla de chuid Leabhar Pháistí Éireann.
- Rinne *Comhar* urraíocht ar an Duais Iriseoireachta an Oireachtais faoi 18.
- *Inis Mara* luaite ar an Liosta Téacsanna Dualgais T2 don Teastas Sóisearach (scrúduithe 2027-29).
- Rinneadh gearrliostú ar *Deargadh Anoir* le hIarla Mac Aodha Bhuí do Ghradam Réics Carló 2024.
- Roghnaíodh *Scéalta Nollag* le hAlan Titley mar Leabhar na Míosa ar RnaG i mí na Samhna. Rinneadh poiblíocht ar an leabhar le linn na míosa (*stings*) ar RnaG agus craoladh eagrán ar leith den chlár 'An Cúinne Dána' maidir leis an leabhar.
- Roghnaíodh *Inis Mara* le Tristan Rosenstock do Chlub Leabhar COGG le linn R4 2024.
- *Scéalta Nollag* agus *Dialann Emily Porter: Caillte agus Aimsithe* roghnaithe ag LoveLeabharGaeilge mar chuid de Fheachtas na Nollag.
- Cuireadh cóipeanna de leabhair do pháistí, foilsithe le 2 bhliain anuas, chuig an RTÉ Toy Show.
- Books Ireland
    - Glacadh fógraíochta ar an suíomh le linn R3-4 2024
    - Foilsíodh ábhar poiblíochta le húdair *Leabhair*COMHAR agus le Deirdre Ní Fhloinn ar an suíomh le linn tréimhse na tuairisce.
- Cuireadh *Leanaí Séanta* le Celia de Fréine ar chúrsa i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach.
- Ainmníodh *Dialann Emily Porter: Caillte agus Aimsithe* ar fhadliosta Ghradaim KPMG/Leabhar Pháistí Éireann.
- Leanadh le fógraíocht a dhéanamh ar leabhair de chuid *Leabhair*COMHAR i *Comhar*.
- Fuarthas cuid mhaith poiblíochta eile ó eagrais sheachtracha ar na meáin shóisialta, nuachtáin agus raidió áitiúla agus náisiúnta, nuachtlitreacha agus eile. Samplaí den chineál poiblíochta: tuairisc.ie, RnaG, TG4, Virgin Media One (Ireland AM - *Oíche Shamhna*), RTÉJr (*Inis Mara* roghnaithe don Chlub Leabhar), The Sunday Times, Irish Examiner, ClubLeabhar.com (*Geansaithe Móra*), léirmheasanna ar leabhair éagsúla ag LoveLeabharGaeilge.

6. **EILE**

   a. **Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse**

Suaimhneas síoraí do na daoine seo a leanas a cailleadh le bliain anuas:

- Pádraig Ó Snódaigh - bunaitheoir an teach foilsitheoireachta Coiscéim (Eanáir 2025)

   b. **Buíochas**

Gabhann stiúrthóirí COMHAR buíochas le:

- Páirtnéirí maoinithe COMHAR:
    - Foras na Gaeilge
        - Clár na Leabhar Gaeilge
    - An Chomhairle Ealaíon
    - An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
    - Fochoiste na bhFoilseachán, Coiste Léann na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann
- Daithí Ó Maolchoille agus Tom Bluett, a rinne iniúchadh ar na cuntais.
- *Comhar*: Seán Tadhg Ó Gairbhí (Eagarthóir), Tristan Rosenstock (Eagarthóir Liteartha), Máire Ní Fhinneadha (Cóipeagarthóir), Mark Wickham (Dearthóir), Johnswood Press (Clódóirí), na haoi-eagarthóirí agus na scríbhneoirí a bhíonn ag plé leis an iris.
- *Leabhair*COMHAR: Na scríbhneoirí, léitheoirí, cóipeagarthóirí, dearthóirí, maisitheoirí, agus clódóirí éagsúla.
- CLÓ: Grúpa maoirseachta agus Bord comhairleach eagarthóireachta an inphrionta.
- COMHAR*Taighde:* Caoimhín Mac Giolla Léith, Ríona Nic Congáil, Peadar Ó Muircheartaigh, Cathal Burke; agus bord comhairleach eagarthóireachta acadúil.
- *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*: Breandán Mac Craith agus Laura Rawdon ó Foras na Gaeilge (maoinitheoir), na grianghrafadóirí agus na daoine ar cuireadh a bportráid leis an suíomh le linn na tréimhse.
- Foireann COMHAR:
    - Jennifer Gorissen - buíochas ar leith ag dul di as an obair chríochnúil a chur sí i gcrích le linn a tréimhse leis an eagraíocht
    - Deirdre Ní Fhloinn
    - Clare Coughlan

Stiúrthóirí COMHAR
Meitheamh 2025